



Banc Ceannais na hÉireann - Freagracht Shóisialta Chorparáideach in 2021

Cén chaoi ar léirigh Banc Ceannais na hÉireann a **fhreagracht chorparáideach** in 2021?

1. Beacha uirbeacha

Tá dhá **chóilíneacht nua beach meala** bunaithe againn ag ár **gCampas i gCeantar na nDugaí i mBaile Átha Cliath**.

Tá **thart ar 10,000 beach** ansin agus tosóidh siad ar **mhil a tháirgeadh i mí Bealtaine 2022**.

2. Plaistigh aonúsáide

D'éirigh linn tuairim is 900kg de **dramhaíl phlaisteach aonúsáide** a dhíbirt trí aistriú chuig ábhair inbhuanaithe inár gcuid oibríochtaí boinn.

3. Ag cabhrú le daoine gan dídean

Thugamar lámh chúnata chun **beartáin bhia** a sholáthar do dhaoine gan dídean inár gceantar áitiúil, rud a **chuidigh le suas le 100 duine in aghaidh na hoíche** i rith an gheimhridh.

4. Éagsúlacht & Ionchuimsiú

Sheolamar **polasaí nua maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne san Áit Oibre** chun **treoir agus tacaíocht** a thabhairt do dhaoine ar mian leo a n-**inscne** a athrú nó a dheimhniú **san áit oibre**.

In 2021, **chuireamar oiliúint ar fáil do bhreis agus 300 ball foirne** chun a chumasú dóibh a gcion a dhéanamh chun tacú lena gcomhghleacaithe.

5. Ag tacú le daoine óga

Leanamar de **thacaíocht a thabhairt do dhaoine óga** sa phobal áitiúil trí bhíthin réimse scileanna oideachais agus tionscnamh san áit oibre.

Bhí **scoláireachtaí, intéirneachtaí** agus cláir **taithí oibre** ina measc.

[Governor Gabriel Makhlouf's piece-to-camera]

Deirtear gurb í *an mhaith an t-aon infheistíocht nach dteipeann uirthi riamh*, agus inár dTuarascáil Bhliantúil ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach, leagtar béim ar na hiarrachtaí atá déanta againn chun rud éigin a thabhairt ar ais don phobal agus chun feidhmiú mar shaoránach corparáideach maith.



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

Gan dabht, bhí cúrsaí níos deacra anuraidh mar gheall ar an bpaindéim, ach táim bródúil as an méid ar fad a bhaineamar amach in 2021.

Más ag plé le daoine óga den phobal áitiúil ar réimse tionscnamh oideachais agus oiliúna atáimid, nó ar ár ndícheall ag iarraidh a bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol, bíonn sé mar aidhm againn i gcónaí difríocht dhearfach a dhéanamh agus ár gcuid oibre a chur i gcrích ar mhodh inbhuanaithe.

Tá sé seo ag teacht lenár bpríomhchuspóir buan: leas an phobail i gcoitinne.

Tuilleadh eolais: [centralbank.ie/csr](https://www.centralbank.ie/csr)